C/2025/6743

22.12.2025

Teachtaireacht ón Gcoimisiún maidir le tacú le cur chun feidhme Threoir 2009/148/CE maidir le hoibrithe a chosaint ó na rioscaí a bhaineann le nochtadh d'aispeist ag an obair, arna leasú le Treoir 2023/2668

(C/2025/6743)

1. Réamhrá

Tá sé d'aidhm ag Creat Straitéiseach an Aontais Eorpaigh maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair 2021-2027 ([1]) gníomhaíochtaí nithiúla a dhéanamh de phrionsabal 10 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta ([2]) lena gcumhdaítear ceart oibrithe ar ardleibhéal cosanta dá sláinte agus dá sábháilteacht ag an obair. Is é ceann de na tosaíochtaí faoi Chreat Straitéiseach an Aontais maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair 2021-2027 dul i ngleic le nochtadh d'aispeist a bhaineann leis an obair, chun cuidiú lena phríomhsprioc bás agus tinnis a bhaineann leis an obair a chosc.

Is tosaíocht de chuid an Aontais é sárú na hailse. Tá an Coimisiún tiomnaithe do laghdú éifeachtach a dhéanamh ar nochtadh do shubstaintí carcanaigineacha, amhail aispeist agus mar sin atá sé ag rannchuidiú go mór le cosc na hailse i gcomhréir le spriocanna Phlean Sáraithe Ailse na hEorpa ([3]).

Substaint chontúirteach ar cúis le hailse í an aispeist ([4]), a leanann de dhifear a dhéanamh d'oibrithe in earnálacha éagsúla, ina bhfuil na rioscaí nochta ard go fóill. Áirítear orthu sin foirgníocht, mianadóireacht, cairéalacht, innealtóireacht shibhialta, bainistiú dramhaíola, nó cothabháil long, traenacha, aerárthach, feithiclí agus innealra, chomh maith le seirbhísí éigeandála amhail an comhrac dóiteáin. Meastar go nochtar 4,1 go 7,3 milliún oibrí san Aontas don aispeist go fóill ([5]).

Tuigtear go mbaineann iarmhairtí tromchúiseacha sláinte le nochtadh ceirde don aispeist. Is féidir le snáithíní aispeiste aerbheirthe a bheith ina gcúis le galar tromchúiseach amhail méisitéilióma agus ailse scamhóg nuair a dhéantar iad a ionanálú. Ar an meán, bíonn 30 bliain ann idir tráth an nochta agus taibhsiú na chéad chomharthaí tinnis, agus ar deireadh, d'fhéadfadh sé go mbeadh básanna ann a bhaineann leis an obair de bharr na riochtaí sin. Is cúis mhór le hailse cheirde san Aontas é nochtadh d'aispeist, agus é ina chúis le suas le 78 % d'ailsí ceirde, 88 % d'ailsí scamhóg ceirde, a aithnítear sna Ballstáit go mbaineann siad leis an nochtadh sin ([6]).

Baineadh úsáid as an aispeist ar feadh na mblianta fada ar fud na hEorpa le haghaidh raon leathan feidhmeanna, go háirithe i bhfoirgníocht, rud a chruthaigh oidhreacht atá ina baol do shláinte an phobail go fóill agus a chuireann bac ar iarrachtaí timpeallacht shábháilte shláintiúil a áirithiú d'oibrithe nochta. Tá tábhacht ar leith ag baint le cosaint mhaith a thabhairt d'oibrithe ón nochtadh d'aispeist i gcomhthéacs an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, toisc go bhfuil athchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh ríthábhachtach chun na spriocanna atá ann a bhaint amach ([7]). Tá sé d'aidhm ag straitéis an 'rabharta athchóiriúcháin' ([8]) ráta bliantúil athchóirithe fuinnimh a dhúbailt faoi 2030. Mar sin féin, ós rud é go mbíonn aispeist in a lán foirgneamh lena mbaineann drochfheidhmíocht fuinnimh, dá gcuirfí borradh faoin ráta athchóirithe, d'fhéadfadh méadú mór teacht ar an líon daoine a nochtar do rioscaí sláinte a bhaineann le haispeist mar gheall go bhféadfaí an aispeist sna foirgnimh sin a scaoileadh le linn na hoibre athchóirithe. Meastar go dtiocfaidh méadú 4 % gach bliain ar an líon oibrithe a nochtar d'aispeist go dtí 2030 ([9]). Beidh tuilleadh gníomhaíochta chun rioscaí nochta a bhainistiú ríthábhachtach chun oibrithe a chosaint ó ghalair, a bhfolláine a chur chun cinn, agus cuidiú leis an Aontas Sláinte Eorpach a threisiú.

([1]) *Communication from the Commission on EU strategic framework on health and safety at work 2021-2027 Occupational safety and health in a changing world of work*,[Teachtaireacht ón gCoimisiún faoi chreat straitéiseach an Aontais maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair 2021-2027 Sábháilteacht agus sláinte cheirde i saol oibre atá ag athrú] COM/2021/323 final.

([2]) An Forógra Idirinstitiúideach maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, (IO C 428, 13.12.2017, lch. 10).

([3]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle: Plean Sáraithe Ailse na hEorpa, COM(2021) 44 final.

([4]) Arsenic, Metals, Fibres, and Dusts, IARC Monographs on the Evaluation of Carcinogenic Risks to Humans Volume 100C.

([5]) *Study on collecting information on substances with the view to analyse health, socio-economic and environmental impacts in connection with possible amendments of Directive 98/24/EC (Chemical Agents) and Directive 2009/148/EC (Asbestos), Final report for asbestos* [Staidéar maidir le faisnéis faoi shubstaintí a bhailiú d'fhonn anailís a dhéanamh ar na tionchair shláinte, shocheacnamaíocha agus chomhshaoil i ndáil le leasuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar Threoir 98/24/CE (Oibreáin Cheimiceacha) agus ar Threoir 2009/148/CE (Aispeist), Tuarascáil chríochnaitheach don aispeist].

([6]) Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le hoibriú i dtreo todhchaí atá saor ó aispeist:cur chuige Eorpach i leith aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sláinte a bhaineann le haispeist COM(2022) 488 final.

([7]) *Communication from the Commission to the European Parliament, the European Council, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions – The European Grean Deal* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig Comhairle na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Comhaontú Glas don Eoraip],
COM/2019/640 final.

([8]) *Communication from the Commission to the European Parliament, the Councial, the European Economic an Social Committee and the Committee of the Regions - A Renovation Wave for Europe - greening our buildings, creating jobs, improving lives* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún:Rabharta Athchóiriúcháin don Eoraip - glasú na bhfoirgneamh seo againne, cruthú post agus feabhsú na cáilíochta saoil] (COM(2020) 662 final).

([9]) Tá an líon sin bunaithe ar na fógraí reatha, an treocht mhéadaitheach maidir leis an méid dramhaíola ina bhfuil aispeist, an líon oibrithe deimhnithe agus saolré na n-ábhar stroighne aispeiste (70-80 % d'aispeist san Aontas).Foinse: RPA (2021) staidéar seachtrach, féach fonóta 7.

Le 40 bliain anuas, tá gníomhaíocht nach beag déanta ag an Aontas chun srian a chur i dtosach ar úsáid aispeiste agus cosc iomlán a chur uirthi faoi dheireadh. Idir 1983 ([10]) agus 1985 ([11]), chuir sé srian ar sé chineál snáithíní aispeiste a úsáid. In 1991, chuir sé cosc ar chúig cinn de na cineálacha sin a chur ar an margadh agus a úsáid ([12]), agus ar úsáid aispeiste crisitíle i dtáirgí a úsáidtear go forleathan san earnáil foirgníochta, i measc táirgí eile ([13]). Le Treoir 1999/77/CE ón gCoimisiún ([14]) cuireadh cosc ar gach ceann de na sé chineál snáithíní aispeiste a chur ar an margadh agus a úsáid, agus cuireadh an cosc i bhfeidhm in 2005. Rinneadh an Treoir a aisghairm le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([15]) in 2006 ina leantar de cosc a chur ar aispeist a chur isteach d'aon ghnó. Luaitear in iontráil 6 dá hIarscríbhinn XVII go bhfuil toirmeasc san Aontas ar snáithíní aispeiste chomh maith le meascáin agus earraí (inar cuireadh snáithíní aispeiste d'aon ghnó) a mhonarú, a chur ar an margadh agus a úsáid. A mhéid a bhaineann le hoibrithe a chosaint ó na rioscaí a bhaineann le nochtadh d'aispeist ag an obair, foráiltear dó le Treoir 2009/148/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([16]) lena gcódaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 83/477/CEE ón gComhairle ([17]), Treoir 91/382/CEE ón gComhairle ([18]) agus Treoir 2003/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([19]).

Inniu, tá an tAontas fós tiomanta go láidir do thacaíocht a thabhairt dá Bhallstáit chun poist ar ardchaighdeán a chruthú agus a chur chun cinn agus an tráth céanna, dálaí oibre cothroma a fheabhsú chun sábháilteacht agus sláinte oibrithe a chosaint. Leis an leasú a rinneadh ar Threoir 2009/148/CE in 2023, cuireadh an aidhm sin i gcroí-lár na Treorach. Leis an leasú seo is déanaí ar Threoir 2009/148/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí bhíthin Threoir 2023/2668 ó

([10]) Srianta maidir le húsáid croicidilíte ó Threoir 83/478/CEE ón gComhairle an 19 Meán Fómhair 1983 lena leasaítear den chúigiú huair Treoir 76/769/CEE maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialacháin agus fhorálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann le srianta ar shubstaintí agus ullmhóidí contúirteacha áirithe a mhargú agus a úsáid (IO L 263, 24.9.1983, lch. 33) - lena dtugtar isteach srianta maidir le haispeist i dTreoir 76/769/CEE ón gComhairle an 27 Iúil 1976 maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialacháin agus fhorálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann le srianta ar shubstaintí agus ullmhóidí contúirteacha áirithe a mhargú agus a úsáid.(IO L 262, 27.9.1976, lch. 201).

([11]) Srianta maidir le húsáid Crisitíle, Amaisíte, Antaifillíte, Achtainilíte agus Treimilíte, i mbréagáin, i dtáirgí le haghaidh spraeáil nó i bhfoirm púdair, i bhfeistí inslithe, i bpéinteanna agus i vearnaisí, Treoir 85/610/CEE ón gComhairle an 20 Nollaig 1985 lena leasaítear den seachtú huair Treoir 76/769/CEE maidir le comhfhogasú dhlíthe,, rialacháin agus fhorálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann le srianta ar shubstaintí agus ullmhóidí contúirteacha áirithe a mhargú agus a úsáid (IO L 375, 31.12.1985, lch. 1).

([12]) Croicidilít, Amaisít, Antaifillít, Achtainilít agus Treimilít.

([13]) Gairis, péinteanna agus vearnaisí áirithe, scagairí le haghaidh leachtanna, ábhar foréadanaithe bóthair, líontóirí agus séaltáin, ábhar inslithe nó fuaimdhíonta ísealdlúis, scagairí aeir agus scagairí le haghaidh gáis, fobhrait le haghaidh clúdaigh phlaisteacha urláir agus balla, teicstílí (seachas eisceacht shealadach i gcás scannán) agus feilt dín.

([14]) Treoir 1999/77/CE ón gCoimisiún an 26 Iúil 1999 lena n-oiriúnaítear do dhul chun cinn teicniúil den séú huair Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 76/769/ CEE ón gComhairle maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialacháin agus fhorálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann le srianta ar shubstaintí agus ullmhóidí contúirteacha áirithe a mhargú agus a úsáid (an aispeist) (IO L 207, 6.8.1999, lch. 18, ELI:http://data.europa.eu/eli/dir/1999/77/oj), nach bhfuil i bhfeidhm a thuilleadh agus arb é an 1 Eanáir 2005 an sprioc-am trasuite a bhí ag gabháil leis.

([15]) Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoir 91/155/CEE ón gCoimisiún, Treoir 93/67/CEE ón gCoimisiún, Treoir 93/105/CE ón gCoimisiún agus Treoir 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1907/oj).

([16]) Treoir 2009/148/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le hoibrithe a chosaint ó na rioscaí a bhaineann le nochtadh d'aispeist ag an obair (Leagan códaithe), (IO L 330, 16.12.2009, lch. 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/148/oj).

([17]) Treoir 83/477/CEE ón gComhairle an 19 Meán Fómhair 1983 maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh don aispeist ag an obair (an dara Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 8 de Threoir 80/1107/CEE) (IO L 263, 24.9.1983, lch. 25, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1983/477/oj).

([18]) Treoir 91/382/CEE ón gComhairle an 25 Meitheamh 1991 lena leasaítear Treoir 83/477/CEE maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh don aispeist ag an obair (an dara Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 8 de Threoir 80/1107/CEE) (IO L 206, 29.7.1991, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1991/382/oj).

([19]) Treoir 2003/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Márta 2003 lena leasaítear Treoir 83/477/CEE ón gComhairle maidir le hoibrithe a chosaint ó na rioscaí a bhaineann le nochtadh d'aispeist ag an obair (téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L 97, 15.4.2003, lch. 48, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/18/oj).

Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([20]) lena n-athbhreithnítear an luach teorann nochta ceirde don aispeist (ó 0,1 go dtí 0,01 snáithíní in aghaidh an cheintiméadair chiúbaigh) ([21]) cuidítear le leibhéal níos airde cosanta a bhaint amach do shláinte agus do shábháilteacht oibrithe, go háirithe ón tsubstaint sin atá an-charcanaigineach. Cuirtear na treoirlínte ([22]) a ghabhann leis an Teachtaireacht seo i láthair mar ábhar leantach ar an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le todhchaí saor ó aispeist agus ar an leasú ar Threoir 2009/148/CE.

I ndáil leis an méid sin, le haithris 29 de Treoir 2023/2668 (AE) lena leasaítear Treoir 2009/148/CE, cuirtear i dtábhacht a thábhachtaí atá sé treoirlínte a fhorbairt agus a eisiúint chun cur chun feidhme Threoir 2009/148/CE a éascú, tráth nach déanaí ná 2 bhliain ó dháta a teachta i bhfeidhm.

I ndeireadh na dála, leis na treoirlínte cuirfear ar a chumas don Aontas freagairt ar bhonn níos éifeachtúla ar an ngá atá ann cosaint níos fearr a thabhairt d'oibrithe ó nochtadh don aispeist trí shamplaí a thabhairt ar an mbealach ar cheart an tsubstaint chontúirteach seo a láimhseáil sa chleachtas. Cuideoidh siad freisin le spriocanna an Chompáis Iomaíochais ([23]), lena bhforáiltear, go háirithe, do luas agus do chaighdeán na cinnteoireachta a mhéadú trí chreataí agus rialacha de chuid an Aontais a shimpliú. Ina theannta sin, cuidíonn siad freisin leis na spriocanna a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme agus simpliú ([24]), ós rud é go gcuirfear feabhas ar chur chun feidhme Threoir 2009/148/CE trí na rialacha a luaitear ann a dhéanamh níos soiléire, níos fusa le tuiscint agus mar gheall go mbeidh sé níos tapúla do na páirtithe leasmhara iad a chur chun feidhme.

2. **Cuspóirí**

Tá na treoirlínte uile-Aontais maidir le láimhseáil aispeiste ceaptha chun comhlíontacht cuideachtaí a éascú agus tacú le hiarrachtaí forghníomhaithe na mBallstát, agus é mar aidhm ghinearálta oibrithe a chosaint. Na Ballstáit, fostóirí (go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide, ar 99 % de na cuideachtaí uile a oibríonn le haispeist iad ([25])), comhpháirtithe sóisialta, agus oibrithe, bainfidh siad tairbhe as an tacaíocht bhreise sin chun comhlíonadh a áirithiú.

Is é is aidhm do na treoirlínte:

— cuidiú le páirtithe leasmhara rioscaí don tsláinte agus don tsábháilteacht a bhaineann leis an aispeist ag an obair a bhainistiú agus forbairtí dlíthiúla, eolaíocha agus teicniúla a rinneadh le déanaí á gcur san áireamh, lena n-áirítear leasú 2023 ar Threoir 2009/148/CE;

— feasacht a mhúscailt i measc fostóirí agus oibrithe ar na rioscaí a bhaineann le hábhair ina bhfuil aispeist a láimhseáil;

— glacadh méadaithe dea-chleachtas a spreagadh ar fud na mBallstát trí fhorléargas a thabhairt ar straitéisí chun an aispeist a bhainistiú san áit oibre;

— éagothromaíochtaí sa rochtain ar threoraíocht a laghdú trí breis eolais ar dhea-chleachtais a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara ar fud an Aontais, lena n-áirítear dóibh siúd i mBallstáit ina bhfuil fáil níos lú ar threoraíocht.

Leis na treoirlínte tugtar forléargas ar dhea-chleachtais i mbainistíocht na haispeiste ag an obair, agus cuirtear síos ar bhealaí praiticiúla nochtadh oibrithe a laghdú. Cuirtear na dea-chleachtais a leagtar amach sna treoirlínte sin ar fáil mar shamplaí agus níor cheart iad a mheas mar an t-aon bhealach chun reachtaíocht sábháilteachta ceirde agus sláinte an Aontais a chur chun feidhme. Tá na treoirlínte ceaptha le haghaidh gach saghas eagraíochta, idir poiblí agus príobháideach, de gach méid agus tá feidhm acu maidir le raon fairsing earnálacha.

([20]) Treoir (AE) 2023/2668 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Samhain 2023 lena leasaítear Treoir 2009/148/CE maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh d'aispeist ag an obair (IO L, 2023/2668, 30.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/2668/oj).

([21]) Leis an Airteagal 8 nua de Threoir 2009/148/CE luaitear an méid seo a leanas: '1. Go dtí an 20 Nollaig 2029, áiritheoidh fostóirí nach nochtfar aon oibrí do thiúchan aerbheirthe aispeiste os cionn 0,01 snáithín in aghaidh an cm^3 mar mheán am-ualaithe 8 n-uair an chloig. 2. Ón 21 Nollaig 2029, áiritheoidh fostóirí nach nochtfar aon oibrí do thiúchan aerbheirthe aispeiste ar mó é ná ceann de na nithe seo a leanas: (a) 0,01 snáithín in aghaidh an cm3 mar mheán am-ualaithe 8 n-uair an chloig i gcomhréir le hAirteagal 7(7), an dara fomhír; nó (b) 0,002 snáithín in aghaidh an cm3 mar mheán am-ualaithe 8 n-uair an chloig.'

([22]) SWD(2025)400 https://employment-social-affairs.ec.europa.eu/document/70526012-b741-4092-ab52-3bae8de2a1b0_en.

([23]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún Compás Iomaíochais don Aontas Eorpach, COM/2025/30.

([24]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Eoraip níos simplí agus níos tapúla: Teachtaireacht maidir le cur chun feidhme agus simpliú, COM/2025/47 final.

([25]) Foinse: RPA (2021) staidéar seachtrach, féach fonóta 7.

Iarrtar ar na páirtithe leasmhara uile, lena n-áirítear ceardchumainn, eagraíochtaí fostóirí, gnólachtaí, údaráis náisiúnta agus saineolaithe sa tsábháilteacht agus sa tsláinte ceirde, na treoirlínte sin a úsáid agus a scaipeadh chomh forleathan is féidir.

3. **Struchtúr**

Déantar na treoirlínte a struchtúrú ina módúil, rud a chuireann ar a gcumas do léitheoirí díriú ar thopaicí spéise ar leith. Roinntear iad ina dhá chuid:

— sna chéad 12 roinn, clúdaítear topaicí ginearálta agus baineann siad le gach cás nochta, agus tugtar faisnéis iontu maidir leis an mbainistiú aispeiste i gcoitinne;

— sna cúig roinn dheireanacha, clúdaítear cásanna sonracha nochta aispeiste, agus dtugtar treoraíocht shonrach don earnáil ar an mbealach ar féidir an aispeist a láimhseáil go sábháilte, agus tagairt á déanamh do na ranna ginearálta i gcás inarb iomchuí.

4. **Comhairliúchán leathan leis na páirtithe leasmhara**

Forbraíodh na treoirlínte le rannpháirtíocht fhorleathan ó pháirtithe leasmhara, amhail ceardchumainn, eagraíochtaí fostóirí, gnólachtaí, údaráis náisiúnta agus saineolaithe sa tsábháilteacht agus sa tsláinte ceirde. Áiríodh leis sin:

— 187 ndoiciméad treoraíochta atá ann cheana féin a aithint ar leibhéal an Bhallstáit, an Aontais, agus ar an leibhéal idirnáisiúnta, a measadh go bhféadfadh 91 díobh a bheith ábhartha agus a ndearnadh mionscrúdú orthu;

— 10 gceardlann ar líne a eagrú ar ar fhreastail níos mó ná 850 duine, gach ceann acu dírithe ar réimsí éagsúla a chumhdaítear sna treoirlínte;

— glao ar bharúlacha a sheoladh maidir leis an gcéad dréacht de na treoirlínte, as ar tháinig aiseolas ó níos mó ná 130 páirtí leasmhar ó raon leathan earnálacha agus 500 freagra;

— roinnt seisiúin phlé a reáchtáil le páirtithe leasmhara chun cásanna staidéir dea-chleachtais a fhorbairt;

— 20 díospóireacht phíolótach a eagrú, lena n-áirítear naoi gcuairt ar an láithreán, le páirtithe leasmhara atá bainteach le raon leathan cásanna agus gníomhaíochtaí ina nochta d'aispeist.

Áirithíodh leis an gcomhairliúchán leathan go mbunaítear na treoirlínte ar an eolas is déanaí, go bhfuil siad praiticiúil agus réalaíoch, agus go bhfreagraíonn siad d'ionchais agus do riachtanais na n-úsáideoirí.

Ionadaithe rialtas náisiúnta, eagraíochtaí fostóirí agus oibrithe a bhaineann leis an Meitheal um Cheimiceáin de chuid an Choiste Chomhairligh thrípháirtigh um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair chomh maith le seirbhísí ábhartha an Choimisiúin, choinnigh siad súil ghéar ar phróiseas forbartha na dtreoirlínte sin.

5. **Foilseachán agus scaipeadh**

Foilseofar an Teachtaireacht seo ar shuíomh gréasáin EUR-lex ([26]). Foilseofar an Teachtaireacht agus na treoirlínte a ghabhann léi agus cuirfear i láthair iad ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair freisin, agus déanfar iad a scaipeadh agus a chur chun cinn trí Choiste na gCigirí Sinsearacha Saothair, trí chomhpháirtithe sóisialta Eorpacha (ceardchumainn agus ionadaithe fostóirí) agus tríd an gCoiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair.

([26]) Is é EUR-lex an tairseach oifigiúil ar líne lena gcuirtear reachtaíocht an Aontais Eorpaigh ar fáil saor in aisce.